# An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

# 2022 – 2026

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

## Clár Ábhar


1. Réamhrá ..... 2

2. Ár mbaill foirne a chur i mbun gnímh ..... 3

2.1 Ár mBaill Foirne ..... 3

2.1.1 Ceannaireacht agus Rialachas le haghaidh Gníomhú ar son na hAeráide ..... 4

2.1.2 Baill Foirne a Chur i mBun Gnímh agus a Oiliúint ..... 5

2.2 Ár Spriocanna ..... 5

2.2.1 Na spriocanna laghdú astaíochtaí carbóin a bhaint amach (astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030) ..... 6

2.2.2 An sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach (éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoin mbliain 2030) ..... 7

2.3 Ár modh oibre ..... 7

2.3.1. Córais bainistíochta fuinnimh agus comhshaoil agus creidiúnú ..... 7

2.3.2 Soláthar Poiblí Glas ..... 7

2.3.3 Úsáid Acmhainní ..... 8

2.4 Ár bhFoirgnimh agus ár bhFeithiclí ..... 8

2.4.1 An Cheannoifig ..... 8

2.4.2 An Oifig Satailíte ..... 8

2.4.3 Soláthar Fuinnimh ..... 9

## 1. Réamhrá

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) an t-údarás náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as seasamh leis an gceart bunúsach atá ag daoine aonair san Aontas Eorpach go dtabharfaí cosaint dá sonraí pearsanta. Dá réir sin, is é an Coimisiún an t-údarás maoirseachta in Éirinn atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá feidhmeanna agus cumhachtaí againn freisin i dtaca le creataí rialála eile, lena n-áirítear Rialacháin na hÉireann um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (2011) agus an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Tá cumhachtaí, dualgais agus feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin leagtha síos san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, rud lena dtugtar tuilleadh éifeachta do RGCS agus don Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí.

Oibríonn an Coimisiún amach as dhá oifig, an Cheannoifig ag 6 Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2, agus oifig satailíte i gCúil an tSúdaire, Co. Laoise.

Bhog an Coimisiún isteach ina Cheannoifig nua an 28 Aibreán 2025, tar éis dó oifigí ag 21 Cearnóg Mhic Liam agus Pointe na Tríonóide, Sráid Laighean Theas, a fhágáil.

I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, ceanglaítear ar an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030
2. Astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh teirmeach a laghdú faoi 51% agus
3. Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50%

# 2. Ár mbaill foirne a chur i mbun gnímh

## 2.1 Ár mBaill Foirne

Is é Graham Doyle, Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Corparáideacha, Meáin agus Cumarsáid, a shealbhaíonn an ról mar Churadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta. Suíonn an Leas-Choimisinéir ar an gCoiste Ardbhainistíochta freisin.


Tá a Fhoireann Ghlas á hathbhunú ag an gCoimisiún. Beidh dháréag ball ag an bhFoireann Ghlas nua, is iad sin: deichniúr ball ón gCeannoifig agus beirt bhall ó Chúil an tSúdaire.

Tagann na baill ó raon éagsúil aonad gnó, lena n-áirítear Soláthar, Seirbhísí Corparáideacha, TFC, Pleanáil Straitéiseach, agus Caidreamh.

Cuirfear oiliúint ar gach ball den Fhoireann Ghlas maidir le Clár Náisiúnta na bhFoirne Glasa, lena n-áireofar gach ceann de na cúig théama den mhodúl gné teicniúla. Cumhdaíonn na téamaí sin Fuinneamh, Dramhaíl, Úsáid Uisce, Iompar, agus Bithéagsúlacht.

## 2.1.1 Ceannaireacht agus Rialachas le haghaidh Gníomhú ar son na hAeráide

Ceannaireacht agus Rialachas le haghaidh Gníomhú ar son na hAeráide




**Baill den Fhoireann Ghlas:**

Tom Walsh, Oifigeach Soláthair

Alice Nolan, Seirbhísí Corparáideacha, Saoráidí agus Soláthar

Anna Honer, Gnóthaí Teicneolaíochta Rialála

Nathan Phipps O'Neill, Bonneagar, Slándáil agus Dearbhú

Xin He, Seirbhísí Corparáideacha, Saoráidí agus Soláthar

Peadar Charles, Treoir, Oifigeach Cosanta Sonraí

Alan O'Grady, Seirbhísí Corparáideacha, Saoráidí agus Soláthar

Helena Campbell, Gnóthaí Idir-Rialála

Eric Kelly, Fiosrúcháin Trasteorann

Siobhán Brown, Pleanáil Straitéiseach agus Caidreamh

Aidan Kelly, Measúnú Trasteorann

Paul Keenan, Seirbhísí Corparáideacha, Saoráidí agus Soláthar.

### 2.1.2 Baill Foirne a Chur i mBun Gnímh agus a Oiliúint

Cuirfear oiliúint ar bhaill nua den Fhoireann Ghlas agus ar an gCuradh Aeráide agus Inbhuanaitheachta maidir le Clár Náisiúnta na bhFoirne Glasa, lena n-áireofar gach ceann de na cúig théama den mhodúl gné teicniúla. Cumhdaíonn na téamaí sin Fuinneamh, Dramhaíl, Úsáid Uisce, Iompar, agus Bithéagsúlacht.

Táthar ag súil leis go gcuirfear an oiliúint sin i gcrích faoin gcéad ráithe den bhliain 2026. Sainaithneofar tuilleadh riachtanas oiliúna mar chuid d'anailís ar riachtanais oiliúna.

Tabharfaidh an Fhoireann Ghlas cur i láthair do gach ball foirne de chuid an Choimisiúin ar an gcéad Lá Cumarsáide sa chéad ráithe den bhliain 2026.

## 2.2 Ár Spriocanna

Shocraigh an Coimisiún an bhliain 2018 mar bhliain bhonnlíne aige, mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021. Déanfaidh an t-aistriú chuig an gCeannoifig nua ar Rae Pheambróg difear dár n-astaíochtaí carbóin agus dár n-éifeachtúlacht fuinnimh. Tá fadhbanna ann leis an gcóras téimh faoi láthair, agus iad ann ó bhogamar isteach san fhoirgneamh. Sainaithníodh réiteach ar na fadhbanna sin ó shin i leith agus ba cheart go mbeadh an réiteach sin i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2025. Cuirfidh sé sin ar chumas an Choimisiúin faireachán agus rialú ceart a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta fuinnimh, mar aon le héifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach laistigh dár gcórais.


Ba mar Fhostaithe Lánaimseartha a shocraigh an Coimisiún a Mhéadracht Gníomhaíochta féin, i.e., an mhéadracht a úsáidtear chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh/ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a ríomh le himeacht ama. Bhí 49 bhfostaí lánaimseartha againn sa bhliain 2016. Bhí 293.5 fostaí lánaimseartha againn faoi dheireadh na bliana 2025, cothrom le méadú 600%, beagnach.

### 2.2.1 Na spriocanna laghdú astaíochtaí carbóin a bhaint amach (astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030)

| Astaíochtaí CO2 (kgCO2) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2018** | **2019** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** |
| Breoslaí Iontaise | 9,475 | 9,119 | 7,307 | 6,156 | 8,601 | 3,806 |
| - Fuinneamh teirmeach | 9,475 | 9,119 | 7,307 | 6,156 | 8,601 | 3,806 |
| - Gás Nádúrtha | 9,475 | 9,119 | 7,307 | 6,156 | 8,601 | 3,806 |
| Leictreachas | 54,106 | 74,349 | 37,364 | 30,815 | 47,399 | 49,213 |
| - Leictreachas | 54,106 | 74,349 | 37,364 | 30,815 | 47,399 | 49,213 |
| **Iomlán** | **63,581** | **83,468** | **44,671** | **36,972** | **56,000** | **53,019** |

### 2.2.2 An sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach (éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoin mbliain 2030)

Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh




Táthar ag súil leis gurb é an toradh a bheidh ar an dá fhoirgneamh ar Chearnóg Mhic Liam agus ar Phointe na Tríonóide a dhúnadh ná go dtabharfar tuilleadh deiseanna don Choimisiún éifeachtúlachtaí a fheabhsú.

## 2.3 Ár modh oibre

### 2.3.1. Córais bainistíochta fuinnimh agus comhshaoil agus creidiúnú

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún creidiúnú ISO 50001 a lorg don Chóras Bainistíochta Fuinnimh ar Rae Pheambróg, a luaithe a bheidh na fadhbanna leis an gcóras téimh réitithe.

### 2.3.2 Soláthar Poiblí Glas

Baineann an Coimisiún leas as creat-chomhaontuithe de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais inár bpróiseas soláthair, nuair is féidir. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún leas a bhaint as creat den sórt sin, déanfaidh sé dianiarracht

cloí le Ciorclán 20/2019 – Úsáid Tosca Comhshaoil agus Sóisialta i Soláthar Poiblí a Chur Chun Cinn.

### 2.3.3 Úsáid Acmhainní

Chuir an Coimisiún Córas Bainistíochta Cásanna i bhfeidhm, rud a cuireadh in áit an chórais cruachóipe a bhí in úsáid roimhe sin, agus is go leictreonach anois a phróiseáiltear na doiciméid uile agus an sreabhadh oibre ar fad.

## 2.4 Ár bhFoirgnimh agus ár bhFeithiclí

### 2.4.1 An Cheannoifig

Tá an Cheannoifig nua suite ag 6 Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2, agus tá rátáil fuinnimh foirgnimh A3 ar a laghad aici. Tá sé stór os cionn an íoslaigh ag an bhfoirgneamh, agus 2,882 m2 san iomlán ann. Tá suíochánra ar fáil do 204 bhall foirne san oifig.

Tá naoi spás páirceála carranna tugtha san oifig, lena n-áirítear spás amháin do dhaoine faoi mhíchumas. Tá 20 spás páirceála rothar ann freisin, ach tá sé sin á athbhreithniú faoi láthair d'fhonn an líon spásanna atá tugtha a mhéadú. Tá sé aonad cithfholcadáin tugtha freisin.

Tá an stáisiún Luas is gaire suite laistigh de thuras seacht nóiméad de shiúl na gcos ón gCeannoifig, agus tá roinnt bealaí bus suite laistigh de thuras cúig nóiméad de shiúl na gcos uaithi.

### 2.4.2 An Oifig Satailíte

Tá an oifig satailíte lonnaithe ag Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise. Ba mar chóiríocht shealadach a soláthraíodh an oifig sin don Choimisiún ar dtús le linn an phróisis Díláraithe sa bhliain 2006 fad a bhí oifig shaintógtha nua á dearadh agus á tógáil. Mairfidh an léas ar an bhfoirgneamh go dtí an 30 Samhain 2026, agus tá athnuachan ar an léas á hidirbheartú faoi láthair.

Tá aonad cithfholcadáin amháin tugtha. Stóráiltear rothair i bhforhalla an bhunurláir. Tá roinnt spásanna páirceála ar fáil sa charrchlós atá ceangailte leis an siopa atá lonnaithe ar bhunurlár an fhoirgnimh. Tá an stáisiún traenach suite laistigh de thuras cúig nóiméad de shiúl na gcos.

### 2.4.3 Soláthar Fuinnimh

Bhain an Coimisiún leas as an gcreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais le haghaidh soláthar gáis agus leictreachais. Roghnaigh sé an rogha lena n-úsáidtear foinsí in-athnuaite, agus iad sin amháin, i gcás go raibh an rogha sin ar fáil.